# *museums matter - tá músaeim tábhachtach*: ag teacht ar oidhreacht na

**Bailíonn agus caomhnaíonn músaeim rudaí a bhaineann leis an am atá thart. Baineann na bailiúcháin seo linn agus lenár n-oidhreacht. Cabhraíonn siad linn ciall a bhaint as an domhan mar atá anois agus mar a bhí fadó.**

Féach ar na rudaí ar taispeáint sa mhúsaem. Cad is féidir leat a rá faoin ealaíontóir/déantóir/úsáideoir, trí féachaint ar na rudaí seo? Sceitseáil na taispeántais is fearr leat sa bhosca.

Cén úsáid a baineadh as?

Cad is féidir leat a rá faoin ealaíontóir/déantóir? Cad faoin duine d'úsáid é?

Cén fáth a bhfuil sé sa taispeántas, dar leat?

Cén ré (nó aois) lena mbaineann an rud seo? Cad is féidir leat a rá faoi faoi chultúr an ama sin?

An dóigh leat go ndeachaigh an rud seo i bhfeidhm ar an domhain sa lá atá inniu ann?

**Is éard atá i gceist le músaeim ná bailiúcháin rudaí de gach sórt. Tá cuid de na bailiúcháin ollmhór. Mar shampla tá níos mó ná 2 mhilliún ainmhí ag Músaem Stair an Dúlra i mBaile Átha Cliath agus tá níos mó ná leathmhilliún grianghraf ag Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh i gCo. an Dúin.**

Samhlaigh gur coimeádaí de do thaispeántas féin tú. Sa spás thíos, déan cur síos ar na rudaí a chuirfeá ar taispeáint agus mínigh cén fáth.

Cén cineál rudaí a chuirfeá ar taispeáint?
Cé air a mbeadh an taispeántas dírithe?
Cad a déarfadh duine éigin sa todhchaí faoin mbailiúchán, dar leat?
Conas a thabharfá aire don bhailiúchán?



**Gníomhaíocht Grúpa**

I bhur ngrúpaí, roghnaígí an rud is fearr libh sa bhailiúchán. Glacaigí róil éagsúla agus smaoinígí cad a déarfadh daoine éagsúla faoin rud -

Seandálaí: Cuairteoir:

Coimeádaí: Ealaíontóir:

Tá sé mar chúram ag an Irish Museums Association tacú le músaeim ar fud na hÉireann, agus gach rud a bhaineann le músaeim a chur chun cinn.
**Irish Museums Association; Fón:+353 1 6633579 R-phost: office@irishmuseums.org G: www.irishmuseums.org**
Is le cabhair ó COGG a cuireadh an leagan Gaeilge den bhileog oibre seo ar fáil. **www.cogg.ie**